

AN T-EANCAIRE AR NA SGEIRDÍ.

Tá eancaire ar an taobh ó dheas de Charraig Sgeirde i n-áit a dtugann siad Béal na Leabhta ó dheas air. Eancaire soithigh agus slabhra mór ar. Tá sé i bhfad faoi uisge. 'Sé is dóigh go dtáinig soitheach sa tsean-aimsir ann gur chuir sí eancaire ann agus gur briseadh í. Má briseadh an soitheach ní chuala mé aon chainnt air ach ní fhéadfadh sí í féin a shábháilt ann. Tá an t-eancaire greamaighthe. Chonnaiceas an t-eancaire go minic agus feamainn fásta air.

Bhí fear ag iasgach ann agus nuair a leig sé an dorugha amach agus ní raibh ann ach trí nó ceathar d'fheadh nuair a sheas sé. Conuigheadh stróbh air an chéad am – ní tháinig an dorugha den chéad iarraidh. Ní raibh cosmhalacht ar bith ar an luaidg gur ghreamuigh sí daon- rud acg gur cheap sé gur d'adhmud a theangbhuigh sí nó de rud éicint bog nár sgríob í mar sgríobfadh cloch í. Bhí sé ag ceapadh gur long bhreiste a bhí ann.